Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 17 Samhain 2015**
**(OR. fr)**

**14098/15**

**COAFR 334**
**CFSP/PESC 757**
**CSDP/PSDC 615**
**COHAFA 109**
**COHOM 111**
**POLMIL 101**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 17 Samhain 2015 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 13798/15 COAFR 322 CFSP/PESC 728 CSDP/PSDC 591 COHAFA 101 COHOM 106 POLMIL 96 |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir le Poblacht na hAfraice Láir<br>- Conclúidí ón gComhairle (an 17 Samhain 2015) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo na Conclúidí ón gComhairle maidir le Poblacht na hAfraice Láir, a glacadh ag an 3426ú cruinniú de chuid na Comhairle an 17 Samhain 2015.

**Conclúidí ón gComhairle maidir le Poblacht na hAfraice Láir**

1. Tá rún daingean ag an Aontas Eorpach i gcónaí cuidiú leis an Trasdul i bPoblacht na hAfraice Láir (PAL) a thabhairt chun críche trí thoghcháin chreidiúnacha agus thrédhearcacha a reáchtáil. Déanann an tAontas Eorpach gach foréigean a cháineadh chomh maith leis na hiarrachtaí ar dhíchobhsú a rinneadh le gairid a bhfuil mar aidhm leo athbhunú an oird bhunreachtúil a chur dá dhroim agus fuath an chomhphobail a adhaint an athuair. Níor cheart go bhfulaingeofaí oiread na fríde leis na páirtithe a dhiúltaíonn cloí leis an gcomhaontú faoin dí-armáil a síníodh an 10 Bealtaine 2015, nó a chuireann suas den chomhaontú maidir le deireadh a chur leis an gcogadh agus an foréigean, a síníodh an 23 Iúil 2014 i mBrazzaville, nó rannpháirtíocht na ngrúpaí polaitiúla-mhíleata i bhFóram Bangui, a síníodh an 5 Bealtaine 2015, d'fhonn deireadh a chur le hearcú agus úsáid leanaí. Sa chomhthéacs sin, tá sé ríthábhachtach go mbreiseofaí cosaint na sibhialtach agus go ndéanfaí gach dícheall chun nach rachadh coireanna saor ó phionós. Tá sé ríthábhachtach i gcónaí go gcuirfí na moltaí a rinneadh faoi Fhóram Bhangui chun feidhme, le go bhféadfar an tslándáil, an tsíocháin, an ceartas agus an t-athmhuintearas náisiúnta a áirithiú.

2. Is díol sásaimh don Aontas gur fhógair na húdaráis idirthréimhseacha amchlár do thoghcháin an 9 Samhain chomh maith le fógraí ón 10 Samhain 2015 lenar iarradh ar thoghthóirí páirt a ghlacadh sa reifreann agus sna toghcháin uachtaránachta agus reachtacha. Taispeántar le hardleibhéal clárúcháin na dtoghthóirí i PAL go dteastaíonn uathu go mbeadh toghcháin ann. Tá sé tábhachtach anois go ndéanfaí gach iarracht inmheánach agus sheachtrach chun reifreann bunreachtúil agus an chéad bhabhta de na toghcháin uachtaránachta agus reachtacha a eagrú roimh dheireadh 2015. Tá sé ríthábhachtach gach míle dícheall a dhéanamh chun go bhféadfaidh saoránaigh PAL, atá ar a gcoimeád sna tíortha máguaird, clárú don toghchán. Tá sé tábhachtach freisin gach iarracht a dhéanamh le go bhfoilseofaí gan mhoill liosta cinntitheach, inchreidte agus cuimsitheach de na toghthóirí chun comhtháthú náisiúnta PAL a atreisiú. Tá an méid atá á dhéanamh ag Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe do Dhídeanaithe (UNHCR) agus ag na tíortha ábhartha maidir leis an vóta a cheadú do dhídeanaithe PAL le moladh go hard ina thaobh sin.

3. Iarrann an tAontas Eorpach ar an Idirghabhálaí Idirnáisiúnta, ar Uachtarán Chomhphobal Eacnamaíoch Stáit Lár na hAfraice (ECCAS) agus ar thíortha an fho-réigiúin lántacaíocht a thabhairt don tráthchlár nua toghcháin, ar chomhaontaigh geallsealbhóirí ábhartha uile de chuid PAL maidir leis, agus tacú leis an síneadh teicniúil a tugadh don tréimhse trasdula, d'fhonn í a oiriúnú don tráthchlár nua a luaithe is féidir. Mar chuid leanúnach de na hiarrachtaí a glacadh de láimh cheana, tá na coinníollacha riachtanacha chun saineolaithe toghcháin a sheoladh chuig PAL le linn na dtoghchán nua á mbreithniú i gcónaí ag an Aontas Eorpach, agus an seoladh sin a dhéanamh faoi chúinsí leordhóthanacha slándála le tacaíocht ó na fórsaí idirnáisiúnta. Fairis sin, is díol sásaimh don Aontas, ós é a dheonaíonn an ranníocaíocht is tábhachtaí do mhaoiniú an toghcháin, na geallúintí atá tugtha ag Ballstáit éagsúla i dtaca le ranníocaíocht agus áitíonn sé ar an gcomhphobal idirnáisiúnta na gealltanais sin a chomhlíonadh gan mhoill.

4. Is cúis áthais don Aontas a bhfuil á dhéanamh ag Misean Ilghnéitheach Comhtháite Cobhsúcháin na Náisiún Aontaithe i PAL (MINUSCA) agus an tacaíocht ó oibríocht Sangaris, ó tá siad sin uile bunriachtanach i gcónaí chun cúinsí fónta slándála a áirithiú, go háirithe le linn na dtoghchán, chun gur féidir le gach duine vóta a chaitheamh. Tar éis na dtoghchán féin, beidh gníomhaíocht MINUSCA ríthábhachtach chun cobhsaíocht inbhuanaithe PAL agus Athchóiriú na hEarnála Slándála (AES) a fhollúnú, lena n-áirítear le linn Dí-armáil, Díshlógadh agus Athimeascadh (DDR) a bheith á chur chun cinn, i gcomhar leis an gcomhphobal idirnáisiúnta.

5. D'fhonn cobhsaíocht inbhuanaithe sa tír a áirithiú ba cheart d'údaráis an Trasdula leanúint leis an méid atá ar bun acu chun nach rachadh coireanna ar bith saor ó phionós, agus tacóidh an comhphobal idirnáisiúnta leis sin. Tá an ceartas idirthréimhseach agus atógáil an chórais maidir le coiriúlacht agus príosúin bunriachtanach le go bhféadfar na sáruithe ar chearta an duine a stopadh, lena n-áiritear an foréigean gnéis agus an foréigean ar bhonn inscne. Sa chomhthéacs sin, agraíonn an tAontas Eorpach ar na páirtithe uile luí amach orthu féin chun gníomhartha foréigin den sórt sin a chosc agus athdhearbhaíonn sé go bhfuil sé tábhachtach urraim a léiriú don dlí idirnáisiúnta maidir le cearta an duine.

6. Sa chomhthéacs anacair slándála agus polaitiúil sin, is díol sásaimh don Chomhairle an obair a dhéanann misean EUMAM sa tacaíocht a chuireann sé ar fáil d'athchóiriú na bhFórsaí Armtha i bPoblacht na hAfraice Láir. Is scéala áthais ag an gChomhairle é gur seoladh oiliúintí neamhoibríochtúla le déanaí, ar céim eile chun tosaigh é chun tacú le hathchóiriú na bhFórsaí Armtha i bPoblacht na hAfraice Láir (FAPAL). San obair leantach sin, measann an Chomhairle go bhfuil sé tábhachtach treisiú leis an tacaíocht do FAPAL agus friotháil ar riachtanais PAL, mar thacú leis na Náisiúin Aontaithe a bhfuil sainordú acu ón gComhairle Slándála cabhrú le hathchóiriú na hearnála slándála i PAL. [Is sa chomhthéacs sin a iarrann an Chomhairle ar an Ard-Ionadaí scéim pleanála a sheoladh d'fhonn Coincheap an Bhainistithe Ghéarchéime a chur i láthair, tús 2016, lena léireofar nós imeachta d'fhorbairt EUMAM faoi thuairim misean de chomhairle straitéiseach agus d'oibríochtaí oiliúna a réadú, lena seoladh tar éis na húdaráis a thoghfar go daonlathach a bhunú agus, in am is i dtráth, sula dtiocfaidh deireadh le sainordú EUMAM. Agus an méid sin a dhéanamh i ndlúthchomhar leis na Náisiúin Aontaithe agus i gcomhréir leis an nós imeachta d'athchóiriú na hearnála slándála i PAL. Leagann an Chomhairle béim, áfach, ar an tábhacht a bhaineann le diantiargáil faoi mhisean EUMAM RCA le Misean Cobhsaíochta Comhtháite Ilghnéitheach de chuid na Náisiún Aontaithe i bPoblacht na hAfraice Láir (MINUSMA) agus le húdaráis PAL i bhfianaise an fhoréigin ag deireadh mhí Mheán Fómhair.

7. Ag féachaint dá chur chuige domhanda, thug an tAontas thart ar EUR 238 milliún go nuige seo mar rannchuidiú chun tacú le príomhghníomhaíochtaí rialtas an Trasdula, athdhearbhaíonn an tAontas ag an am céanna go bhfuil sé tiomanta d'athléimneacht phobal PAL a threisiú i gcoinne na géarchéime, a bhuíochas leis na gníomhaíochtaí arna maoiniú trí Chiste Iontaobhais Bêkou. Achainíonn sé ar chomhpháirtithe eile cuidiú leis na hiarrachtaí sin, go háirithe cuidiú leis an mbuiséad náisiúnta, d'fhonn cumas na hearnála poiblí a bhreisiú le go bhféadfaidh sí seirbhísí bunriachtanacha, an tsláinte agus an t-oideachas, i measc nithe eile, a chur ar fáil don phobal agus inbhuanaitheacht an Stáit a áirithiú. Tá an tAontas ag gabháil d'idirphlé i gcónaí le húdaráis PAL chun bainistiú an airgeadais phoiblí a fheabhsú.

8. Tá an tAontas ag leanúint dá iarracht dhaonnúil chun cuidiú leis na daoine a fhulaingíonn de bharr iarmhairtí na géarchéime, laistigh de PAL agus sna tíortha máguaird araon. Tréaslaíonn sé an obair a rinne na heagraíochtaí daonnúla agus forbartha leo, faoi chúinsí anacracha slándála, rud a léiríodh leis na heachtraí a tharla i mBangui le gairid. Agraíonn an tAontas rialtas PAL agus na fórsaí idirnáisiúnta atá i láthair leanúint dá n-iarrachtaí chun pearsanra na n-eagraíochtaí sin a choimeád ar láimh shábhála le go bhféadfar iad a ath-imscaradh go pras. Go deimhin tá sé ríthábhachtach rochtain iomlán sábháilte gan srian a ráthú do gach eagraíocht dhaonnúil agus forbartha i PAL ar dhaoine atá i ngátar. Achainíonn an tAontas ar na páirtithe sa choinbhleacht cur suas de bheith ag earcú leanaí agus de bheith á n-úsáid i ngrúpaí armtha agus luí amach orthu féin chun na leanbhshaighdiúirí sin a shainaithint, a shaoradh agus a lánpháirtiú sa ghnáthshaol. Athdhearbhaíonn an tAontas an tábhacht a bhaineann le hurraim a léiriú do na hoibleagáidí i ndáil leis an Dlí Daonnúil Idirnáisiúnta.